**CINNEADH Uimh. 88/2022 Ó CHOMHCHOISTE LEE**

**an 18 Márta 2022**

**lena leasaítear Iarscríbhinn XX (Comhshaol) a ghabhann le Comhaontú LEE [2022/1156]**

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ("Comhaontú LEE"), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1211 ón gCoimisiún an 22 Iúil 2021 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2016/2323 lena mbunaítear an Liosta Eorpach de shaoráidí athchúrsála long de bhun Rialachán (AE) Uimh. 1257/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn XX a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an fhleasc seo a leanas i bpointe 32fhd (Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2016/2323 ón gCoimisiún) d'Iarscríbhinn XX a ghabhann le Comhaontú LEE:

"- **32021 D 1211**: Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1211 ón gCoimisiún an 22 Iúil 2021 (IO L 263, 23.7.2021, lch. 13)."

*Airteagal 2*

Is téacs barántúil é Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1211 san Íoslainnis agus san Ioruais, atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 19 Márta 2022 ar an gcoinníoll go mbeifear tar éis na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE a dhéanamh *.

*Airteagal 4*

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 18 Márta 2022.

*Thar ceann Chomhchoiste an LEE*
*An tUachtarán*
Nicolas VON LINGEN

([1]) IO L 263, 23.7.2021, lch. 13.
(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.